

Title	Dánta deoraíochta: ábhar aistí filíochta a chum Eoghan Rua Ó Súilleabháin thar lear
Authors	Ní Íceadha, Máire
Publication date	2017
Original Citation	Ní Íceadha, M. (2017) 'Dánta deoraíochta: ábhar aistí filíochta a chum Eoghan Rua Ó Súilleabháin thar lear', Eighteenth-Century Ireland/Iris an dá chultúr, 32, pp. 87-104.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Link to publisher's version	https://www.jstor.org/stable/45116892
Rights	© 2017, Eighteenth-Century Ireland Society. All rights reserved.
Download date	2026-10-29 15:42:07
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/16777

Dánta deoraíochta: ábhar aistí filíochta a chum Eoghan Rua Ó Súilleabháin thar lear

MÁIRE NÍ ÍCEADHA

Tá cur amach againn ar Eoghan Rua Ó Súilleabháin mar fhile Seacaibíteach, scríobhaí cúramach, theagascóir agus spailpín fánach. Is féidir a áireamh ar fhianaise théacsúil cúig cinn d'aislingí a chum Eoghan Rua gur chaith an file tréimhse thar sáile. Is iad na haislingí sin ná 'Ar maidin inné cois cé na slimbharc', 'Ceo draíochta', 'I Sacsuibh na séad', 'Cois taoide maidean gréine' agus 'Ar mo thaisteal lá fómhair'.¹ Nochtar sna haislingí sin gur fhág an tréimhse a chaith Eoghan Rua i Sasana a lorg ar a shaothar fileata.

1. Foinsí lámhscríbhinne na n-aislingí

(i) 'Ar maidin inné cois cé na slimbharc'

Tá ceist i dtaobh údar 'Ar maidin inné cois cé na slimbharc'. Tá an aisling seo luaite le Seán Ó Muláin, Corcaíoch, a bhíodh ag saothrú lámhscríbhinní i gCathair Chorcaí idir 1795-1807,² agus le hEoghan Rua faoi seach sna lámhscríbhinní. Ar na seacht gcóip den aisling seo atá ar fáil sna lámhscríbhinní, cuirtear Torna i, MN M14: 407 agus ARÉ 23 M 14 (307) i leith Sheáin Uí Mhuláin agus luaitear an dáta 1796 leo. Cuirtear an chóip atá in ARÉ 23 B 14 (297) cuid ii: 201 i leith Eoghain Rua. Ba é Ó Muláin féin a bhreac an chóip is luaithe den aisling 'I Sacsuibh na séad' atá ar marthain in Torna i: 314. Tá an chóip úd mar bhunús don eagrán den aisling a phléitear anseo. Ghlac céadeagarthóirí na haislinge, an tAth. Pádraig Ó Duinnín agus Risteard Ó Foghludha leis gurbh é Eoghan Rua a chum 'Ar maidin

* Gabhaim buíochas leis an Dr Liam P. Ó Murchú, leis an Ollamh Seán Ó Coileáin agus leis an Ollamh Ciarán Mac Murchaigh as pointí áirithe a phlé liom nuair a bhí an aiste seo á réiteach. Is mise atá freagrach as gach tuairim san aiste seo, as na haistriúcháin Bhéarla agus as aon bhotún atá iontu.

1 Tá na línte a thugtar san aiste seo as na haislingí 'Ar maidin inné cois cé na slimbharc', 'Ceo draíochta', 'I Sacsuibh na séad', 'Cois taoide maidean gréine' agus 'Ar mo thaisteal lá fómhair' bunaithe, den chuid is mó, ar eagrán a sholáthair mé mar thoradh an taighde a rinne mé i gcomhair tráchtais dochtúireachta. Féach Máire Ní Íceadha, 'Aislingí Polaitiúla Eoghain Rua Uí Shúilleabháin' (Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Lúnasa 2012).

2 Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850* (An Clóchomhar, 1982), lch 166.

inné cois cé na slimbharc'.³ Bhunaigh an Duinníneach an t-eagrán den aisling a sholáthair sé féin ar ARÉ 23 B 14 (297).

(ii) 'Ceo draíochta'

Tá an aisling 'Ceo draíochta' curtha i leith Eoghain Rua sna cóipeanna lámhscríbhinne a luaitear údar leo. Is í an chóip atá in Torna xiii (a): 39, príomhfhoinsé don eagrán de 'Ceo draíochta' atá faoi chaibidil anseo.⁴ Bhreac Uilliam Ó hAodha, ó pharóiste Chill Bholáin in iarthuaisceart chontae Chorcaí, an chóip sin sa bhliain 1814.

(iii) 'I Sacsuibh na séad'

Aisling eile a chum Eoghan Rua thar lear is ea 'I Sacsuibh na séad'.⁵ Chum an file an aisling seo le linn dó bheith i gCabhlach Rí Shasana, Seoirse III, dar leis an scríobhaí Eoghan Caomhánach.⁶ Bunaíodh an t-eagrán den aisling 'I Sacsuibh na séad' a phléitear anseo ar chóip atá in Torna i: 314, a bhreac Seán Ó Muláin.

(iv) 'Cois taoide maidean gréine'

Ar na trí chóip a fuarthas den aisling neamhfhoilsithe 'Cois taoide maidean gréine' sna lámhscríbhinní cuirtear dhá cheann i leith Eoghain Rua. Breacadh na trí chóip i gcontae an Chláir. Bunaíodh an t-eagrán a phléitear anseo go príomha ar an gcóip atá in ARÉ 23 I 48 (942): 24, cóip a bhreac Mícheál Óg Ó hAnnracháin sa bhliain 1831 chun a úsáide féin.

(v) 'Ar mo thaisteal lá fómhair'

Thángthas ar thrí chóip den aisling neamhfhoilsithe 'Ar mo thaisteal lá fómhair' a scríobhadh sa naoú haois déag. Gheibhtear an chóip is luaithe sa lámhscríbhinn Boston A. MS S 28: 197, a bhreac Tadhg Mhá Cárrtha, scríobhaí ó Chorcaigh.⁷ Tá

3 Gheibhtear eagrán den aisling 'Ar maidin inné cois cé na slimbharc' in Pádraig Ua Duinnín (eag.), *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin* (Baile Átha Cliath, 1901), lgh 27-9; Pádraig Ua Duinnín (eag.), *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, nuadh-eagar, i n-a dhá imleabhar, ar a chuid amhrán, maille re cóir mhínighthe* (Baile Átha Cliath, 1923), lgh 78-80; Risteard Ó Foghludha (eag.), *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin: 1748-1784* (Baile Átha Cliath, 1937), lgh 54-7.

4 Foilsíodh 'Ceo draíochta' in Ua Duinnín, *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin*, lgh 32-4; Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, nuadh-eagar*, lgh 83-5; Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, lgh 59-62; Seán Ó Tuama & Thomas Kinsella (eag.), *An Duanaire 1600-1900: Poems of the Dispossessed* (The Dolmen Press, 1981), lgh 186-90; Seán McMahon & Jo O'Donoghue (eag.), *Taisce Duan: A treasury of Irish poems with translations in English* (Poolbeg Press, 1992), lgh 106-11; Breandán Ó Conchúir (eag.), *Eoghan Rua Ó Súilleabháin* (Field Day Publications, 2009), lgh 44-6.

5 Féach Ua Duinnín, *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin*, lgh 23-6; Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, nuadh-eagar*, lgh 74-8; Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, lgh 50-4; Vincent Morley, *Washington i gCeannas a Ríochta: Cogadh Mheiriceá i Litríocht na Gaeilge* (Coiscéim, 2005), lgh 99-102; Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, lgh 40-3.

6 BL Add. 27946: 12, f. 4b, col. 1; Standish Hayes O'Grady, *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum* [now the British Library], Vol. 1 (London, 1926), lch 669, nóta 1.

7 Tugtar '2 u Jan' mar iarscríbhinn sa lámhscríbhinn (Boston A. MS 28: 199) agus tá '1832' scríofa ar an leathanach ina dhiaidh (Boston A. MS 28: 200). Scríobhaí a bhíodh ag saothrú lámhscríbhinní

gach dealramh air go raibh an chóip sin mar eiseamláir ag an scríobhaí a bhreac cóip eile den aisling atá in Feiritéar 2: 73-5 ar fhianaise théacsúil na cóipe sin.⁸ Cuirtear an aisling ‘Ar mo thaisteal lá fómhair’ i leith Eoghain Rua sa chóip atá le fáil in ARÉ 23 D 42 (520): 47i.⁹ Ba é an chóip atá in ARÉ 23 D 42 (520): 47i an t-aon chóip a raibh cur amach ag an Duinníneach uirthi de réir a ráitis féin ina leith.¹⁰

2. Anailís théacsúil

Sna haislingí a chum Eoghan Rua thar lear, saothraítear eilimintí den aisling pholaitiúil maidir le suíomh an fhile, an íomhá bhaineann de fhlaithéas Éireann, fíoradh na tairngreachta agus teacht an Chabharthaigh.

Suíomh an fhile

Áirítear cosúlachtaí sa chur síos a dhéanann Eoghan Rua ar shuíomh uaigneach an fhile i dtosach na n-aislingí seo go léir. San aisling ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’, deir sé:

Ar maidin inné cois cé na slimbharc
ag machtnamh go faon ‘s ag déanamh smaointe¹¹
(AMICC: 1-2)

File ar deoraíocht a nochtar dúinn i línte tosaigh na haislinge ‘Ceo draíochta’:

Ceo draíochta i gcoim oíche do sheol me
trí thíorthaibh mar óinmhid ar strae¹²
(CD: 1-2)

Tá an chuma air go raibh an file cois an chósta i Sasana nuair a chum sé na línte seo a leanas ón aisling ‘I Sacsuibh na séad’:

I Sacsuibh na séad i gcéin óm dhúchas
faoi bharra na gcraobh cois cé na stiúrbharc¹³
(ISS: 1-2)

i gCorcaigh agus i gCathair Chorcaí idir na blianta 1821-1839 ba ea é de réir cuntais air. Féach Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, lch 22.

8 Bhreac Pádraig Feiritéar (1856-1924) an chóip atá in Feiritéar 2: 73-5 ar an 30 Nollaig 1895 de réir na hiarscríbhíne sa lámhscríbhinn sin “‘Críoch 2 Jan^{um}’ De Luain an 30.12.1895. P. Ferritér’. Scríobhaí agus bailitheoir lámhscríbhinní ba ea é ó Pharóiste an Fheirtéaraigh i gcontae Chiarraí a chaith tréimhse i mBostún, Meiriceá. Féach Bláthnaid Uí Chatháin (eag.), *Éigse Chairbre. Filíocht ó Chairbreacha i gCo. Chorcaí agus ón gceantar máguaird 1750-1850* (An Clóchomhar, 2006), lgh 494-5.

9 Scríobhaí agus bíoblóir ón Mainse, in iardheisceart Cho. Chorcaí ba ea Pádraig Ó Mathúna a bhreac an chóip atá in ARÉ 23 D 42 (520): 47 ar an 8 Márta 1832. Féach Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, lch 163; Uí Chatháin, *Éigse Chairbre*, lch 516.

10 ‘I n-amhrán a cuirtear (*sic.*) i leith Eoghain i LS. 23 D 42 agus ná faca i n-aon áit eile, labhrann an file ar a chúrsaídhíbh’. Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, nuadh-eagar*, lch 9.

11 ‘Yesterday morning beside the quay of the graceful barques/ pondering supinely and thinking’.

12 ‘It was a magic mist late at night that directed me/ thro’ lands like a wandering simpleton’.

13 ‘In England of the wealth, far away from my native place/ under the tops of the branches beside the quay of the piloting vessels’.

acht taistealach tréith tar caise ...¹⁴
(ISS: 67)

Leantar den téama céanna san aisling ‘Cois taoide maidean gréine’:

Cois taoide maidean gréine
is mé i m’aonar ar seal síos suas
ag amharc ar na spéartha
is ar thréanmhuir le gaoith aduaidh¹⁵
(CTMG: 1-4)

Taispeánann an leas a bhain an file as an bhfrása ‘taistealach tréith’ san aisling ‘I Sacsuibh na séad’ (ISS: 67) agus as frásaí ar nós ‘óinmhid ar strae’ san aisling ‘Ceo draíochta’ (CD: 2), chomh maith, mar shampla, gur bhraith sé aduain leis féin i gcaitheamh na tréimhse a chaith sé thar sáile. Fianaise atá san athrá a dhéantar ar an nath ‘i gcéin’ sna haislingí ‘I Sacsuibh na séad’ agus ‘Ceo draíochta’ (ISS: 68; CD: 4), gur bhraith Eoghan Rua aonaránach ar fad. Tugtar breis eolais faoin tréimhse a chaith sé thar sáile san aisling ‘I Sacsuibh na séad’:

ó sracadh i gcéin ar úrla
ag cabhair don té nárbh fhonn liom
i mbarcaibh na bpiléar ar cúrmhuir¹⁶
(ISS: 68-70)

Áitítear gur preasáladh Eoghan Rua ina mhairnéalach cabhlaigh i bhfórsaí Rí Shasana. Thagair Fiachra Éilgeach, cuir i gcás, don ‘press gang’ sa tráchttaireacht a rinne sé ar earcú Eoghain Rua sa Chabhlach Ríoga.¹⁷ Bhí na díormaí preasála gníomhach i gcaitheamh an 18ú céad. Claochlaíodh earcú cabhlaigh le cur i bhfeidhm na Seirbhíse Preasála (‘Impress Service’) i gcaitheamh Chogadh na Seacht mBliana (1756-63), nuair a bhí Eoghan Rua ina garsún.¹⁸ Ba í feidhm na seirbhíse seo ná cur le fórsaí Shasana ar muir agus ar tír tríd an bpreasáil. Bhí éileamh mór ar mhairnéalaigh i gcomhair loingeas Shasana mar thoradh ar na coimhlintí leanúnacha a bhí idir na Sasanaigh agus in achrann le muintir na Fraince agus muintir na Spáinne. Bhí ganntanas earcach ón uair go raibh saol an tsaighdiúra chabhlaigh níos déine ná saol an mhairnéalaigh.

14 ‘But a weak traveller over the sea ...’

15 ‘Beside the sea one sunny morning/ alone for a while, walking up and down/ looking at the skies/ and at the powerful sea/ with the wind coming from the north’.

16 ‘I was pulled violently far away by the hair of my head/ helping one whom I do not like/ in bullet-laden ships on the foam sea’.

17 Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, lch 21.

18 Féach, mar shampla, Denver Brunsman, *The Evil Necessity: British Naval Impressment in the Eighteenth-Century Atlantic World* (The University of Virginia Press, 2013), áit a bpléitear an cultúr impreasála a bhí in Impireacht na Breataine san ochtú haois déag. Bhí impreasáil á húsáid ag Cabhlach Shasana ó na meánaoiseanna déanacha i leith. Lena chois sin, ritheadh an ‘Vagabond Impressment Act’ tríd an bParliamint sa bhliain 1597. Féach, mar shampla, Michael Arthur Lewis, *A Social History of the Navy 1793-1815* (Allen & Unwin, 1960).

Tá fianaise le fáil sa líne ‘ó sracadh i gcéin ar urla’ ón aisling ‘I Sacsuibh na séad’ (ISS: 68) gurbh amhlaidh a earcaíodh é. B’fhéidir a shamhlú gur éalaigh sé ón gCabhlach, gur gabhadh arís é agus gur coimeádadh i gcoinne a thola é i bhfianaise na línte seo a leanas ón aisling chéanna:

ó theagmhas féin le tréimhse i nglasaibh
céim tug dealbh dubhach me.¹⁹
(ISS: 107-8)

Ní dhéantar aon léir-thagairt do shaol an mhairnéalaigh cabhlaigh san aisling neamhfhoilsithe ‘Cois taoide maidean gréine’. Comhartha go raibh cur amach éigin ag Eoghan Rua ar chúrsaí loingis is ea an líne ‘is príomhloingeas gléasta faoi bhratachaibh seoil’ san aisling sin (CTMG: 24), ámh. Tagraítear do chúrsaí loingis, chomh maith, sa líne ‘barcaibh na dtéad i gcathaibh na bpiléar’ san aisling ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’ (AMICC: 19) agus sa líne ‘i mbarcaibh na bpiléar ar cúrmhuir’ san aisling ‘I Sacsuibh na séad’ (ISS: 70).

Tráchtann an Duinníneach ar shaighdiúireacht agus ar mháirnéalachacht Eoghain Rua sa dá heagrán de shaothar an fhile a d’fhoilsigh sé.²⁰ Bhí an tuairim ag an bhfear eagair sin go ndeachaigh Eoghan Rua sna mairnéalaigh ar dtús agus ansin san arm. Mhol Fiachra Éilgeach gurbh amhlaidh a d’fhág Eoghan Rua Cabhlach Ríoga Shasana uair éigin sna 1770í, gur cuireadh i gCúltaca an Chabhlaigh é agus gur glaoth air arís sa bhliain 1782 chun troid le fórsaí Rodney.²¹ Ní hamhlaidh sin ná gur chaith an file tréimhsí mar shaighdiúir coise níos luaithe ina shaol, faoi mar a mhol Fiachra Éilgeach agus Art Ó Beoláin araon.²² Tá an chuma air gur chaith Eoghan Rua tréimhse amháin i gCabhlach Ríoga Shasana idir na blianta 1781-3.²³

Tugtar an dán molta i mBéarla ‘Rodney’s Glory’²⁴ mar fhianaise, chomh maith, gur chaith Eoghan Rua tamall ina shaighdiúir cabhlaigh. Tá an troid chinniúnach a tharla idir na Sasanaigh agus na Francaigh ag Fort Royal, Martinique ar 12 Aibreán 1782 mar ábhar don amhrán ‘Rodney’s Glory’, amhrán Béarla a chum Eoghan Rua. Amhrán caithréimeach is ea é a cumadh don Aimiréal George Bridges Rodney agus dá loingeas cogaidh i ndiaidh an mhuirchatha a throideadar

19 ‘Since recently I have fallen into their hands/ a move which has left me woeful.’

20 Ua Duinnín, *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin*, lgh xvi-xxi; Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, nuadh-eagar*, lgh 6-9.

21 Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, lgh 18-21.

22 Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, lgh 19-21; Art Ó Beoláin, *Merriman agus Filí Eile* (An Clóchomhar, 1985), lch 89.

23 Féach Pat Muldowney, *Dánta: Poems by Eoghan Rua Ó Súilleabháin* (Aubane Historical Society, 2009), lgh 220-22; Morley, *Washington i gCeannas a Ríochta*, lgh 96-8. Ní ghlacann Morley leis an tuairim gur chaith an file tuilleadh tréimhsí mar shaighdiúir san arm roimhe sin, faoi mar a mhol Fiachra Éilgeach agus Art Ó Beoláin, araon. Féach Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, lgh 19-21; Ó Beoláin, *Merriman agus Filí Eile*, lch 89.

24 Chuir an Duinníneach eagrán de théacs an amhráin, ‘Rodney’s Glory’, ar fáil sa chéad eagrán de shaothar Eoghain Rua a sholáthair sé sa bhliain 1901. Ba é saothar Mundy, *The Life of Rodney*, príomhfhoinsé an eolais a bhí ag an Duinníneach faoin gcath cinniúnach sin. Féach Godfrey Basil Mundy, *The Life and Correspondence of the late Admiral Lord Rodney*. Volume the second (London, 1830), lch 137. Cartlann Idirlín: [lifeandcorrespo02rodngoog@](http://lifeandcorrespo02rodngoog@.). Le fáil ag <http://books.google.com/books?id=4bAEAAAAYAAJ&oe=UTF-8>. (Arna rochtain 2 Iúil 2014).

agus a bhuadar ag Îles des Saintes sna hIndiacha Thiar i gcoinne loingeas an Aimiréil de Grasse. Fuarthas tagairt spéisiúil do ‘Rodney’s Glory’ agus d’Eoghan Rua, leis, in alt san *Freeman’s Journal* a foilsíodh Dé Máirt, 25 Márta 1902, áit a bpléitear imeachtaí na cúirte colscartha i Londain ag an am. Tagraítear do Lord Rodney, duine de shliocht an Aimiréil Rodney a bhí ag fáil £2,000 sa bhliain mar thoradh ar bhua an Aimiréil ag Cath Îles des Saintes a luadh cheana. Siod a deirtear i dtaobh an chatha agus i dtaobh ‘Rodney’s Glory’ san alt sin:

This celebrated naval battle immortalised in song by Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, the great Irish lyricist, whose Rodney’s Glory one of his few songs written in English, set to the old tune of ‘Seumas Righ’ was extremely popular between the years 1782-1785. The battle in which Eoghan Ruadh took part was fought by Rodney between Guadeloupe and Dominica and saved Jamaica to the English. It was the last stand made by England against America.²⁵

Is díol suntais é an aisling neamhfhoilsithe ‘Ar mo thaisteal lá fómhair’ mar gheall ar an eolas dírbheathaisnéiseach atá le fáil inti. Seo a deir sé sa chéad líne den aisling sin:²⁶

Ar mo thaisteal lá fómhair ón gCórsan Bhray amach²⁷
(AMTLF: 1)

Dearbhaíonn cuntais ar chuanta Plymouth agus Cawsand Bay in *The Naval Chronicle*, mar shampla, go mbíodh Éireannaigh á bpreasáil agus á dtabhairt chuig na cuanta sin in iarthar Shasana chomh déanach le 1803:

Monthly Register
Plymouth Report,
From March 22 to April 26.
[April] 17. Came in from Dublin, Cork and Waterford, the Rambler, 16 guns,
Captain T. Innes, with 160 seamen and landmen, pressed and volunteers for the
fleet here.²⁸

Díol spéise is ea na tagairtí a dhéantar do ‘Córsan Bhray’ agus do ‘Casanbay’²⁹ araon, i gcéadlínte na gcóipeanna den aisling seo atá in Boston A. MS S 28: 197 agus in ARÉ 23 D 42 (520): [47i]. Tá an chuma air gur leagan den logainm

25 *Freeman’s Journal*, Tuesday March 25 1902, 4. Le fáil ag <http://www.archive.irishnewsarchive.com>. (Arna rochtain 13 Bealtaine 2015). Cuireadh iallach ar an mBreatain Mhór neamhspleáchas Mheiriceá a aithint le Conradh Versailles, Eanáir 1783.

26 Leagan cumaisc de chéadlíne na haislinge seo sna cóipeanna atá in ARÉ 23 D 42 (520): [47i] agus in Boston A. MS S 28: 197 is ea an líne seo.

27 ‘On my travelling out on an autumn day from Corsanbhray.’

28 James Stanier Clarke & John McArthur (eds.), *The Naval Chronicle: containing a general and biographical history of the royal navy of the United Kingdom with a variety of original papers on nautical subjects* Volume 9, January-July (London, 1803), lch 332.

29 Féach an chéad líne san amhrán dar tús: ‘Air ma taisdiol le faobhar ón gcasan bay amach, a chraoibhin aoibhin 7c’ sna lámhscríbhinní Boston A. MS S 28: 197 agus Feiritéar 2: 73 (192).

‘Cawsand Bay’ is ea ‘Casanbay.’³⁰ Bhí tábhacht le Cawsand Bay, ar chósta iardheisceart Shasana, mar chalafort mairnéalachta Chabhlaigh Shasana san ochtú haois déag agus sa naoú haois déag.³¹ De réir cuntais a thugtar ar Cawsand Bay, bhíodh cuid shuaithinseach de loingeas chabhlaigh Shasana ar ancaire sa chuan agus bhíodh á gcóiriú ansin le haghaidh seoladh chun troda i gcoinne na bhFrancach. Cuireann sé seo méar eile i dtreo na téise gur chaith an file tréimhse ina shaighdiúir cabhlaigh. Lena chois sin, bhíodh loingeas cogaidh ag seoladh díreach ó Chorcaigh go dtí na hIndiacha Thiar le linn tréimhse Eoghain Rua. Siod é sliocht as litir a scríobh an tAimiréal George Rodney chuig Philip Stephens, príomhoifigeach an chabhlaigh,³² ar an 29 Meitheamh 1781 ó Carlisle Bay, Barbados:

[...] and as Barbados was the only island in a total defenceless state, and capable of being taken by a coup de main, I thought it my duty instantly to repair with the fleet to that island, not only to stimulate the inhabitants to a sense of their danger, but likewise to protect the convoys daily expected from Cork and Great Britain, holding the fleet in constant readiness to proceed on service.³³

Ní dócha go raibh Eoghan Rua ar bord loinge díobh sin, ámh, ar fhianaise aistí filíochta a chum sé i samhradh agus i bhfómhar na bliana 1781.³⁴

Tugann an tAimiréal Rodney le fios i gcomhfhreagas eile le Philip Stephens go raibh an loingeas a raibh sé féin i gceannas air ag feitheamh i gcuán Cawsand le seoladh chuig na hIndiacha Thiar ag deireadh na bliana 1781:

‘To Philip Stephens, Esq.’

Arrogant, Cawsand Bay,

30th. Dec., 1781

[...] that I had taken upon me the direction of all such of his Majesty’s ships at Plymouth as their Lordships had put under my command.

I certainly have done so, and have obliged their commanders and the officers of his Majesty’s dock-yard here, to use every despatch possible in fitting them for

30 Tugtar ‘Cawsand Bay’ ar Chasanbay i dtuairiscí an Chabhlaigh Ríoga in *The Naval Chronicle* (1799-1818), mar shampla. Féach Clarke & McArthur, *The Naval Chronicle* (London, 1799-1818). Le fáil ag www.archive.org/details/navalchronicleco33londiala (Arna rochtain 13 Bealtaine 2015).

31 Féach *The Naval Chronicle* (1799-1818). Le fáil ag www.archive.org/details/navalchronicleco33londiala (Arna rochtain 13 Bealtaine 2015).

32 Maidir le cúlra Philip Stephens, féach Roger Knight, ‘Stephens, Sir Philip, baronet (1723-1809)’ *Oxford Dictionary of National Biography* (Oxford University Press, 2004); online edn, Jan 2008 le fáil ag <http://www.oxforddnb.com/view/article/26391>. (Arna rochtain 2 Iúil 2014).

33 Mundy, *The Life and Correspondence of the late Admiral Lord Rodney*, lch 137. Cartlann Idirlín: lifeandcorrespo2rodngoog@. Le fáil ag <http://books.google.com/books?id=4bAEAAAAYAAJ&oe=UTF-8>. (Arna rochtain 2 Iúil 2014).

34 Scríobh Eoghan Rua ‘Tá an cruatan ar Sheoirse’ i samhradh na bliana 1781 agus ‘Barántas do Mhuiris Ó Gríofa’ i Lúnasa na bliana céanna. Féach Morley, *Washington i gCeannas a Ríochta*, lch 98.

service, and have the pleasure to acquaint their Lordships that they are now all completely ready for sea, when wind and weather will permit them to proceed.³⁵

Léirítear in eagrán eile den *Freeman's Journal*, a foilsíodh ar an Satharn, 5 Eanáir 1782, go raibh an loingeas faoi cheannasaíocht an Aimiréil Rodney fós ar ancaire i gcuan Cawsand:

Postscript London Jan 2

Sir George Rodney's fleet still lies wind bound in the bay, transports are daily expected here to take on board the 98th Regiment that are ordered for the West Indies.³⁶

B'fhéidir a shamhlú go raibh Eoghan Rua ar bord loinge díobh sin.

An fómhá bhaineann de fhlaithéas Éireann

Nochtar leanúnachas maidir le tréithe áirithe meoin i leith na hÍomhá baininne de fhlaithéas Éireann agus i leith chás na tíre sna haislingí fáithchiallacha a chum Eoghan Rua le linn na tréimhse a chaith sé thar lear. Samhlaítear Éire le síbhean álainn, gnás traidisiúnta fileata a ndéantar forbairt air sna haislingí 'Ceo draíochta' agus 'I Sacsuibh na séad':

Lem thaoibh gur shuigh síbhruinneall mhómharach
i bhfír is i gclóchruth mar naomh
'na gnaoi do bhí an lí gheal le rósaibh
ag coimheascar, is níor eol dom cé ghéill.³⁷
(CD: 13-6)

Ba chamarsach léi-se a céibhe dlútha
ó bhaitheas go fear a' slaodadh ar lúthchruth
a mala ba chaol a dearca ba chlaon
a haighthe 's a scéimh ba lonrach;
Ba dhearg an caor ar úrlil
'na leacain a' déanamh cuncais.³⁸
(ISS: 17-22)

35 Mundy, *The Life and Correspondence of the late Admiral Lord Rodney*, lch 176. Cartlann Idirlín: lifeandcorrespo02rodngoog@. Le fáil ag <http://books.google.com/books?id=4bAEAAAAYAAJ&oe=UTF-8>. (Arna rochtain 2 Iúil 2014).

36 'Postscript London Jan 2' in *Freeman's Journal* 1763-1924, Saturday, January 5 1782, 4. Le fáil ag <http://www.archive.irishnewsarchive.com>. (Arna rochtain 13 Bealtaine 2015).

37 'Then by my side sat a gently, fairy maiden/ like a saint in her figure and in her appearance;/ in her face the white colour contended with roses/ and I do not know which yielded (to the other).'

38 'Twisted were her dense tresses/ from the crown of her head to the grass trailing in agile shape/ her eyebrow most narrow, her glance most inclined/ her face and her beauty most luminous;/ The red berry was contesting the noble lily/ in her cheeks.'

Tugann Eoghan Rua suntas ar leith d'áilleacht fhriotail na spéirmhná agus samhlaítear déid-deas mhná le híomhánna den mhuir:

's ba bhlasta gach téacs d'aitheasc a béal
ná spreagaireacht méar ar chiúinchruit;
Ba shamhail a déid le gné na heala
ar fraoch na mara cúrfhliuch.³⁹
(ISS: 23-6)

Cruthaíonn sé samhlacha de bhróidnéireacht na mná tríd an úsáid chruthaitheach a bhaineann sé as íomhánna eile den nádúr san aisling chéanna:

A leabharchrobh réidh is róghlé do ghearradh
béir is barca stiúrach,
caismirt na gcéadta, faolchoin allaidh,
éisc is ealta clumhach.⁴⁰
(ISS: 29-32)

Faightear athshondas den stíl chéanna de shamhlaoidí san aisling 'Cois taoide maidean gréine', áit a ndeir sé:

Ba bhinne guth a béil dheis
ná béigles i gcoill le fuaim
is ná cantain ceoil ag éanlaith
idir chaoldruid, loin is chuaich.⁴¹
(CTMG: 25-28)

Samhlaítear Éire le bean thréigthe nó bean mhídhilis nó le meirdreach a thréig a muintir féin sna haislingí a chum Eoghan Rua thar lear, chomh maith – gnás traidisiúnta fileata eile atá le fáil go fairsing sna haislingí polaitiúla i gcoitinne.

Os dearbh gurb aon don réicsfhuil Chaisil
tréimhse snaidhmeadh liom thú
aithrisfead féin duit éachta m'aistir
is scéalfad m'ainm ionraic:
gairmid éigs díom Éire mheabhail
méirdreach chealg chúrsach
tug masla agus béim tré chlaon le gallaibh
do thread mo bhailte dúchais.⁴²
(ISS: 73-80)

39 'And every address from her mouth was more well-spoken/ than the playing of music on a gentle harp:/ Her teeth were (white) like the appearance of the swan/ on the fury of the foam-wet sea.'

40 'Her narrow hand too clearly would carve out/ bears and steering ships/ the clamour of hundreds of wolves/ fish and feathery birds.'

41 'Her nice mouth was sweeter/ than the clamour of beagles in the forest/ and than the singing of birds/ whether starling, blackbird or cuckoo.'

42 'Since it is certain that you are one of the kingly blood of Cashel/ that I was married to for a while/ I myself recount for you the events of my journey/ and I will tell you my name in all earnest:/ the poetic company call me deceitful Ireland/ a treacherous harlot of flowing hair/ who has brought insult and blows through treachery with foreigners/ to the people of my native country.'

Fíoradh na tairngreachta agus teacht an Chabharthaigh

Fógraíonn an bhé go ndéanfar ráiteachas na tairngreachta⁴³ a fhíoradh ach tarraingíonn sí ar ábhar na dtairngreachtaí reiligiúnda, áit a bhfógraítear go dtiocfaidh deireadh leis an ansnacht in Éirinn trí ghníomhartha Dé.

A fhir ghasa ghil fhéil is léannta i laoihibh
 ná tagair gur baoh an méid so insim,
 is gur gairid ón leas cé fada dhó 'téacht,
 bheith caite de réir gach scríbhinn,
 do thairngir éigse is draoithe,
 is dá dhearbhadh, an scéal mar chítear:
 go bhfuil fearta Mhic Dé dá gcartadh go faon
 's ag treascairt na bhfaolchon sínte.⁴⁴
 (AMICC: 57-64)

Fágтар teachtaireacht dóchais ag an léitheoir ag deireadh na haislinge 'Ar maidin inné cois cé na slimbharc'. Dearbhaítear go dtiocfaidh tuar dóchais faoin teachtaireacht:

Do thairngir éigse dréachta 's laoithe
 ar tharraingt an léis nó an téarma roimhe so
 go dtiocfadh an téacht so ar ghallaibh gan bhréag
 do ghreadfadh go haeibh an croí acu,
 is do ghlanfadh gach béar don líne
 as fearanntas Gael gan ríghneas
 is aitimse is glaoim ar fhearta Mhic Dé
 go dtaga mo scéal chum críche.⁴⁵
 (AMICC: 65-72)

Gheibhítear athshondas den teachtaireacht chéanna sa ráiteas seo a leanas ón aisling 'Cois taoide maidean gréine':

Dob fhéidir leis an Aonmhac
 cabhair éigin do théacht go luath
 ag díbirt slóite an éithigh
 chuir tú ag géarghol 's ag caí go buan.⁴⁶
 (CTMG: 61-4)

43 Maidir le plé ar ráiteachas na tairngreachta i bhfilíocht pholaitiúil na Gaeilge, féach Breandán Ó Buachalla, *Aisling Ghéar: Na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn 1603-1788* (An Clóchomhar, 1996), lgh 483-527.

44 'O clever bright noble man, learned in lays/ do not say that this which I tell is foolish./ 'tis soon when the lease, though it is long in coming/ will be out, according to every written document/ the poetic company and the druids foretold/ and confirmed the story as it is seen:/ that the miracles of the Son of God are clearing them away/ and are laying low, prostrate, the wild wolves.'

45 'Poets of verses and lays prophesied/ on the drawing to a close of the lease or the term before this/ that that which is due would come upon the foreigners without a lie/ which would pain them to their innards and penetrate to their heart/ and which would clear away every bear of the lineage/ out of the land of the Gael without delay/ and I beseech and I call on the miracles of the Son of God/ that my tale may come to fruition.'

46 'With the help of the Only Son/ military aid might come soon/ banishing the followers of the falsehood/ who put you crying bitterly and weeping constantly.'

Sonraítear an éagsúlacht ar leith atá le fáil sna haislingí ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’ agus ‘I Sacsuibh na séad’ maidir le teachtaireacht pholaitiúil. Nochtar forás tuairime san fhorbairt a dhéantar ar theachttaireacht na haislinge polaitiúla sa dá aisling úd. Léirítear easpa dóchais inti nach bhfuil coitianta in aislingí polaitiúla Eoghain Rua agus atá i gcodarsnacht ghéar leis an teachtaireacht dóchais a thugtar sna ráitis dheiridh thuasluaite. Is beag an t-ionadh sin i gcomhthéacs cúrsaí cumhachta comhaimseartha ar Mhór-Roinn na hEorpa agus sna hIndiacha Thiar.⁴⁷ Ar an mbonn sin, is fiú an cheist a thógáil, b’fhéidir, arbh aistí príobháideacha iad an dá aisling úd. Lena chois sin, ní leantar den idé-eolaíocht Sheacaibíteach a d’eascair as díbeart na Stíobhartach iontu. Imítear ón seanphort gurb é an Stíobhartach a thiocfadh i gcabhair ar na Gaeil⁴⁸ agus tugtar feidhm chomhaimseartha do thuar na spéirmhná i leith theacht an Chabharthaigh.⁴⁹ Is é an Laoiseach, Louis XVI (1774-1792), ní foláir, a luaitear mar fhuascailteoir inti de réir ráiteas na spéirmhná ón aisling ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’:

Is dearbh nach aon don méid so mhaís me
acht ainnir gan bhréag do thaistil i gcéin le teachtaireacht scéil ó Laoiseach:
Gur gairid go ndéanfaidh díoltas
do ghlanfadh le faobhar na faoilchoin
as fearanntas Gael gan rachmas, gan réim,
gan talamh gan tread gan saoirse.⁵⁰
(AMICC: 42-7)

Níos faide anonn san aisling chéanna, bréagnaíonn an file ráiteas fáistineach úd na spéirmhná le foilsíú eolais chomhaimseartha i leith chúinsí na bhfórsaí Sasanacha ar muir agus chás an Stíobhartaigh, araon:

Is eagal liom féin a spéirbhean mhíonla
gur reacaireacht bhréag an scéal so d’insis
táid gallaibh ró-thréan i mbarcaibh gan spéis
a caise go fraochta nimhneach,
is Carolas Réacs go cloíte
d’fhúig aicme na nGael fó dhaoirse,
ag fearadh na ndéar go lachtmhar le léan
in achrann baoghail ag smístigh.⁵¹
(AMICC: 49-56)

47 Morley, *Washington i gCeannas a Ríochta*, lch 98.

48 Maidir le fíoradh na tairngreachta úd agus tagairtí d’athbhunú an Stíobhartaigh mar rí dlísteanaigh ar Éirinn, féach, mar shampla, Vincent Morley, *The Popular Mind in Eighteenth-century Ireland* (Cork University Press, 2017), lgh 183-92.

49 Féach Breandán Ó Buachalla, ‘An mheisiasacht agus an aisling’ in P. de Brún, S. Ó Coileáin & P. Ó Riain (eag.), *Folia Gadelica* (Cork University Press, 1983), lgh 72-87.

50 ‘The nice mannerly tender kind maiden answered/ “It is certain that I am none of this number that you claim/ but a young maiden without deceit who travelled from afar/ with a message from Louis: that shortly they will gain revenge/ that will banish with sword the wild dogs/ out of the land of the Gael and leave them without wealth, without authority.”’

51 ‘I myself fear, O gentle beautiful maiden, that false talebearing is the tale that you have told/ the English are too strong in barques, without regard/ fierce and venomous on the sea/ and King Charles is subdued/ which has left the Irish race under oppression/ copiously shedding tears abundantly with sorrow/ caught in a wrangle of danger by smiters.’

Tá macalla láidir den ráiteas úd de chuid an fhile le fáil san aisling pholaitiúil ‘I Sacsuibh na séad’, áit a gceistíonn Eoghan Rua teachtaireacht pholaitiúil na spéirmhná maidir le teacht na cabhrach thar toinn. Seo a deir sé:

Is eagal liom féin a réaltan lonrach
gur reacaireacht bhréag an scéal so thionscnais;
táid danair ró-threán i mbarcaibh gan spéis
i gCarolus Réacs do phrionsa.⁵²
(ISS: 97-100)

Áirítear an chosúlacht ó thaobh fhriotail de atá le sonrú ar an dá ráiteas thuasluaite. Tá gach dealramh air gurbh é Eoghan Rua a scríobh an aisling ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’ ar an mbonn sin. Más é Ó Muláin a scríobh ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’⁵³ áfach, is léir go raibh sé go mór faoi anáil na haislinge ‘I Sacsuibh na séad’.

Dhá ghné de shaol Eoghain Rua: an file agus an mairnéalach cabhlaigh

Nochtar dhá ghné ar leith de shaol Eoghain Rua sna haislingí a scríobh sé: an file Gaelach den scoth agus an saighdiúir cabhlaigh i bhfórsaí Rí Shasana. Foilsítear an teannas idir an dá ghné úd sna haislingí a scríobh sé thar lear, go háirithe. Gheibhtear samplaí den reitric Sheacaibíteach agus den dearcadh a bhí aige i leith saol an tsaighdiúra i ráitis áirithe sna haislingí úd:

Ár Stíobhard dá dtígheadh chúinn tar sáile
go críoch Inis Fáilge faoi réim
le flít d’fhearaibh Laoisigh ’s ag Spáinnigh
is fíor le corp áthais go mbéinn
ar fhíoreach mhear ghroí thapa cheáfrach
ag síorchartadh cách le neart pléar.
Is ní chloífinn-se m’intinn ina dheáidh sin
Chun luí ar sheasmh garda lem ré⁵⁴
(CD: 65-72)

Is léir an fonn láidir a bhí ar an bhfile díoltas a imirt ar na Sasanaigh mar gheall ar íospairt a mhuintire faoi ansnacht na bplandóirí, sna línte seo a leanas dá chuid:

Gur gairid go ndéanfaid díoltas
do ghlanfaidh le faobhar na faoilchoin
as fearanntas Gael gan rachmas, gan réim,
gan talamh gan tréad gan saoirse.⁵⁵
(AMICC: 45-8)

52 ‘I myself fear O luminous fair lady/ that you are telling lies in this story that you contrive/ the foreigners are too strong in ships without interest/ in King Charles, your prince.’

53 ‘An Sgriobhinneóir *cet* Novem. i. 1796’ a deir an Mulánach sa cheannscríbhinn sa chóip den aisling atá le fáil in Torna i: 471.

54 ‘If our Stewart returned to us over the sea/ to the land of Ireland in triumph/ with a fleet of Louis’ men and with the Spaniard/ it is true that I would be with genuine pleasure/ on a noble, quick, sturdy, fast, frisky horse/ shooting all around with lots of bullets/ And I would not oppress my mind after that/ to apply myself to standing guard for the rest of my life.’

55 ‘That shortly they will gain revenge/ that will banish with sword the wild dogs/ out of the land of the Gael/ and leave them without wealth, without authority/ without land, without herds, without freedom.’

Agus arís, deir sé:

go gairid go ndéanfaid cuncas
do scaipfidh gach béar don chomplacht
'na n-amhas do phréamhstoc London⁵⁶
(ISS: 84-6)

Pléann Morley an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tréimhse a chaith Eoghan Rua sa Chabhlach Ríoga air:

[...] d'fhéadfadh an chumhacht mhíleata is an saibhreas a chonaic sé i gcalafoirt Shasana dul i gcion air, cuirim i gcás, nó b'fhéidir go raibh a chúinsí pearsanta mar shaighdiúir cabhlaigh ag goilliúint air.⁵⁷

Tagann na sonraí maidir le cúinsí an fhile mar mhairnéalach cabhlaigh a nochtar san aisling 'I Sacsuibh na séad' leis an dearcadh sin. Siod é a deirtear sa chur síos a dhéanann sé air féin i ráiteas ón spéirbhean:

[...] danair i méin, i gcéill 's i gcealg
réice is gaige ó Londain
atá in arm 's in éide gléasta ag gearradh
géag is fasc mo phrionsa."⁵⁸
(ISS: 61-4)

Ní mór a rá, ámh, nár ghlac Eoghan Rua chuige nósanna na Sasanach ina n-iomláine i bhfianaise línte san aisling chéanna. Léirítear easpa dílseachta Eoghain Rua d'fhórsaí Rí Shasana i gcoitinne níos faide anonn sa téacs céanna. Deir sé:

Ná tarcaisnigh mé a ghealscéimh na gcúilfhionn
dar a' leabhar so im ghéag ní haon dá gcrú me
acht taistealach tréith ...⁵⁹
(ISS: 65-7)

56 'That shortly they will make conquest/ of every bear (tyrant) of that company/ as mercenaries of the prime stock of London.'

57 Féach Morley, *Washington i gCeannas a Ríochta*, lch 98. Is léir dúinn coimhthiú Eoghain Rua mar dhuine cruthaitheach agus easpa uabhair an fhile, chomh maith, le linn dó bheith ar deoraíocht i línte tosaigh an amhráin dar tús: 'Is céasta cathach le sealad me i bhfíoruaigheas // i gcéin idir aicme gan aithint ar laoi stuama'. Féach Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, lgh 96-7. 'It is tormented sorrowful, in sheer loneliness I am for a while/ far away among a battalion/ tribe who have no knowledge of a modest poem'.

58 'A foreigner in disposition, in perception and in treachery/ a rake and a dandy from London/ who is armed and dressed in uniform, cutting/ the limbs and the protection of my prince.'

59 'Do not insult me, O bright beauty of the fair haired ladies/ on the Bible in my hand/ I am not one of their breed/ but a weak traveller ...'

Ní cheileann Eoghan Rua orainn an easpa umhlaíochta a bhí aige do shaol an tsaighdiúra i línte deireanacha na haislinge ‘Ceo draíochta’, chomh maith:

[...] is ní chloífinn-se m'intinn ina dheáidh sin
chun luí ar sheasamh garda lem ré.⁶⁰
(CD: 71-2)⁶¹

Dearbhaíonn an file gur shíolraigh a mhuintir ó ríshliocht de phríomháitreabh ríthe na Mumhan:

is gur scagadh mo thréad as caise d'fhuil Ghaell
i gCaiseal ba réacsa cúige.⁶²
(ISS: 71-2)

I bhfianaise na línte deireanacha thuas, dúirt Ó Corcora:

To the longing that is so heavy a weight in every exile's heart was added in his case
the pain of helping those whom he, the descendant of Provincial Kings, despised.⁶³

Nochtar go gléineach níos faide anonn san aisling ‘I Sacsuibh na séad’ leathantas an duibheagáin a bhraith an file idir é féin agus a thimpeallacht i gcaitheamh na tréimhse a chaith sé mar shaighdiúir cabhlaigh. Deir sé:

Caithfeadsa éisteacht tré dhubhsmachta
ar thaobh na ngalla-bhrúiteach
ó theagmhas féin le tréimhse i nglasaibh
céim tug dearbh dubhach me.⁶⁴
(ISS: 105-8)

De bhreis ar an gcruthúnas sin tá líne 47 den aisling ‘Ar mo thaisteal lá fómhair’, áit a gcuireann Eoghan Rua ar shuíle an léitheora gur chaith sé cuid den tréimhse thar lear scoite amach óna mhuintir féin, ‘in iarthar Sacsana i nganfhiós dom ghaolta’ (AMTLF: 47). D’fhéadfadh cúis áirithe, cúis náire, a bheith leis an easpa cumarsáide a bhí idir é féin agus a mhuintir i gcaitheamh na tréimhse úd. Deir an Duinníneach:

[...] Chomh fada siar is théidheann cuimhne an té is sine suas ní raibh ar arm
Shasana ag muinntir na hÉireann acht droch-mheas. Aoinne raghadh ann ní bíodh
acht tarcuisne air ag an gcoitchiantacht; agus ní hé féin amháin a bhíodh i gceist:
bhíodh saghas náire fágtha ag a mhuintir leis. Is deallramhach go raibh an droch-

60 ‘And I would not oppress my mind after that/ to apply myself to standing guard for the rest of my life.’

61 Tugtar ‘Raigarne an tsoighdiúra ré heógan Ó Súilliobháin’ mar cheannscríbhinn i mórán de na cóipeanna lámhscríbhinne den aisling ‘Ceo draíochta’.

62 ‘And my people sprang from the stream of blood of the Gaels/ who were provincial kings in Cashel’.

63 Daniel Corkery, *The Hidden Ireland* (Gill & Macmillan, 1925), lch 96.

64 ‘I’ll have to remain silent due to the strict discipline/ of the british foreigners/ since recently I have fallen into their hands/ a move which has left me woeful.’

mheas céadna ar shaighdiuiridhíbh le linn Eoghain. Dála Eoghain féin, do bhí leath-scéal an éignithe aige ...⁶⁵

Léiríonn línte níos luaithe san aisling ‘Ar mo thaisteal lá fómhair’, áit a dtagraíonn an file don spéirbhean, gurbh fhéidir go raibh cúis eile leis an easpa teagmhála aige lena mhuintir, áfach.

... do chuir sí im luí mé ar gach taobh léi,
mo chraoibhín aoibhinn álainn óg,
do bhí tinte ar lasadh aici is is gairid gur throoch me,
d’fhúig me sealad i bpeannaid gan faosamh
in iarthar Sacsana i ngan fhios dom ghaolta.⁶⁶
(AMTLF: 43-7)

Tagairt do ghalarr gnéis éigin a raibh an file buailte leis is ea na línte thuas ‘do bhí tinte ar lasadh aici is is gairid gur throoch me/ d’fhúig me sealad i bpeannaid gan faosamh’ (AMTLF: 45-6), ní foláir.

Bhí cáil ar an mbaile beag Cawsand Bay, maille le bailte iascaigh beaga eile ar an gcósta thiar ó dheas, maidir le smuigleáil biotáille, go háirithe, sa seachtú haois déag agus san ochtú haois déag.⁶⁷ Tugtar le fios gurbh é an dúil a bhí ag Eoghan Rua san ól agus sna mná faoi deara dá shaol tubaisteach féin:⁶⁸

Mo mhallacht fé thrí anois choíche d’aon fhear
a chraoibhín aoibhinn álainn óg,
do leanfadh mo shlí i mbaois a shaogail;
a chraoibhín aoibhinn álainn óg,
's é blaiseadh na dí agus díth na céille
is an aicme seo an ghrinn do chloígh gach tréanfhear,
chuir sealad thar toinn óm buíon i gcéin me,
mo chraoibhín aoibhinn álainn óg.⁶⁹
(AMTLF: 49-56)⁷⁰

65 Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, nuadh-eagar*, lch 46.

66 ‘She put me lying on each side of her/ my fair beautiful young girl/ she had passions fired burning and it wasn’t long before I exhausted myself/ which left me for a while in pain without relief/ in western England unknown to my family’.

67 Féach, mar shampla, *Kings Cutters vs Smugglers 1700-1850*, lch 73 atá le fáil ag <http://books.google.ie/books?id=GsUznEZ-FEC&pg=PA73&lpg=PA73&dq=cawsand+bay++%2B+smuggling> (Arna rochtain 24 Bealtaine 2011). Tá cuntas gairid ar Cawsand Bay le fáil ag <http://www.smuggling.co.uk/gazetteer-sw-10a.html> (Arna rochtain 24 Bealtaine 2011).

68 Tá tuilleadh fianaise le fáil sa dán ‘Sin agaibh mo theastas ar bheatha gach réice’, dán eile de chuid Eoghain Rua, go raibh mórán taithí ag an bhfile ar bheatha an réice. Féach Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, lgh 10-1, 67-8. Mar dhearbhu ar an dúil a bhí ag Eoghan Rua sa ragairme tá na dánta ‘A chara mo chléibh’ agus ‘Aithrí Eoghain Rua’ le fáil in Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, lgh 31-3, mar shampla.

69 ‘I curse now forever any man/ who would follow my way in the foolishness of his life:/ It is the tasting of drink and the lack of sense/ and this class of merriment which would subdue every mighty man/ which put me over the sea far away from my people/ my fair excellent young maid’.

70 Déantar athrá ar an líne ‘mo chraoibhín aoibhinn álainn óg’ i ngach véarsa den aisling seo.

Is féidir, dar ndóigh, gur rámhaille de dhroim póite a nochtar sna línte deireanacha thuasluaite. Ach tagann na línte sin leis an téis gur ghlac Eoghan Rua le saol ar bord loinge mar shlí éalaithe ón gcruachás a bhí sa bhaile. D'fhéadfadh go bhfreagraíonn 'Ar mo thaisteal lá fómhair', do chuid de na hathruithe a d'imigh ar shaothar Eoghain Rua i gcaitheamh na tréimhse a chaith sé mar shaighdiúir cabhlaigh. Léirítear dúinn go gléineach go raibh a choinsias ag priocadh ar an bhfile tar éis na póite agus na rabhaite go léir sna línte úd.

Bhí an tuairim ag an Duinníneach nach raibh an file ina shaighdiúir nuair a chum sé 'Ar mo thaisteal lá fómhair' ach 'gur le linn a óige do cheap an file an aisling i gcaitheamh thréimhse in aimsir i Sasana, b'fhéidir,⁷¹ i gcomhthéacs na bhfrásaf 'I ngan fhios dom ghaolta' (AMTLF: 47) agus 'óm buíon i gcéin me' (AMTLF: 55). Ní hamhlaidh sin.⁷² Ní fheadair aon duine ar cheap Eoghan Rua an aisling 'Ar mo thaisteal lá fómhair' mar spórt. Níor mhiste a cheapadh gur chum sé an aisling do thábhairneoir a dteastódh amhrán seoigh uaidh agus gur léiriú dúinn an aisling seo ar an éagsúlacht a bhain le lucht éisteachta an fhile.⁷³ Tugann an file fógra soiléir dúinn, chomh maith, go bhfuil sé ag súil leis go ndéanfaí aithriseoireacht phoiblí ar an aisling seo. Deir sé:

Éistíg a dhaoine, go n-inseod scéal ar
mo chraoibhín aoibhinn álainn óg,⁷⁴
(AMTLF: 41-2)

Conclúid

Faightear léargas ar an ionramháil ábalta a rinne Eoghan Rua ar phríomheilimintí den aisling pholaitiúil⁷⁵ sna haislingí a chum an file agus é thar lear. Cé gur eolas scáinte a thugtar ar bheatha Eoghain Rua sna haislingí thuasluaite tá fianaise iontu ar dhearcadh an fhile i leith a cháis féin. Nochtar iontu nach gan chúis gur gné lárnach de mhíotas Eoghain Rua é gur réice cruthanta fánach a bhí ann.⁷⁶ Díol

71 Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, nuadh-eagar*, lch 9.

72 Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, lgh 1-6.

73 Sceitheadh saothar eile Eoghain Rua i nGaeilge agus i mBéarla orainn go raibh ionad tábhachtach ag daoine uaisle sna ceantair thart ar an Abhainn Mhór agus trasna na teorann i gCo. Luimnigh i saothar agus i saol an fhile óig. Féach Máire Ní Íceadha, 'Déantúis i mBéarla de chuid Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin' in Seán Ó Coileáin, Liam P. Ó Murchú & Pádraigín Riggs (eag.), *Séimhfhear Suairc. Aistí in ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir* (An Sagart, 2013), lgh 235-56. Féach, chomh maith, Pádraig Ua Duinnín, *Beatha Eoghain Rua Uí Shúilleabháin* (Baile Átha Cliath, 1902), lch 20; Ua Duinnín, *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin, nuadh-eagar*, lch 2; agus Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin*, lgh 13-4. Molann Liam P. Ó Murchú go mb'fhéidir gur mhór ag daoine uaisle sna tithe móra agus ag daoine sna tithe beaga, leis, sna ceantair úd a thaithigh Eoghan Rua, dánta a bheith acu a scríobh an file go speisialta dóibh.

74 'Listen, everybody, until I give an account of her/ my excellent fair young maid'.

75 Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lgh 528-95.

76 Féach, mar shampla, na dánta seo a leanas de chuid Eoghain Rua: 'Sin agaibh mo theastas ar bheatha gach réice' agus 'Meisce go dearbh'. Is féidir a áiteamh go ndearna an Duinníneach agus Ó Foghludha, araon, foilsíú agus aibhsíú ar thréithe áirithe de chuid an fhile a bhí ag teacht le 'míotas Eoghain Rua' sna cuntais a thugadar ar shaol an fhile thar lear. Díol suime, chomh maith, is ea an fheidhm a bhain an bheirt eagarthóirí as foinsí éagsúla idir fhoinsí béil, fhoinsí téacsúla agus tánaisteacha sna cuntais a thugadar ar bheatha an fhile.

suime, chomh maith, an dá ghné shuntasacha seo de shaol Eoghain Rua – an file uaibhreach Gaelach a thug foirm na haislinge polaitiúla chun foirfeachta lena linn⁷⁷ agus an mairnéalach cabhlaigh a bhí faoi smacht an údaráis i bhfórsaí Rí Shasana. Maidir le hEoghan Rua, duine de na filí ba bhisiúla a scríobh sa dara leath den 18ú haois, a raibh tréimhse saoil an-ghairid aige,⁷⁸ arbh as na Mínteoga i gceantair Shliabh Luachra dó, is díol suntais é gur chaith sé tamall thar lear i bhfórsaí Rí Shasana. I bhfianaise a chuid aislingí polaitiúla féin, is suntasaí fós é go raibh file, nár laghdaigh ar an ngráin a bhí aige do riail agus do reacht Shasana in Éirinn i gcaitheamh a shaoil ar fad, páirteach i gcath mara suaithinseach sna hIndiacha Thiar, áit ar bhreis Cabhlach Shasana ar Chabhlach na Fraince. Léiríodh níos luaithe san aiste seo gur aislingí iar-Sheacaibíteacha iad ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’ agus ‘I Sacsuibh na séad’ ón uair nach gcloíonn Eoghan Rua go hiomlán leis an reitric Sheacaibíteach iontu.⁷⁹ Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tráchteaireacht a dhéanann Eoghan Rua ar a shaol sna haislingí ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’, ‘Ceo draíochta’, ‘I Sacsuibh na séad’, ‘Cois taoide maidean gréine’ agus ‘Ar mo thaisteal lá fómhair’ de bhrí gur nochtar iontu file atá as ionad le linn dó bheith thar lear. Lena chois sin, tugtar tuiscint níos iomláine don léitheoir ar an tionchar a bhí ag a thréimhse sa Chabhlach Ríoga ar Eoghan Rua Ó Súilleabháin toisc go dtugann sé léargas níos mine dúinn iontu ar shaol duairc, uaigneach an deoraí.

Noda:

- AMICC** = ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’
AMTLF = ‘Ar mo thaisteal lá fómhair’
CD = ‘Ceo draíochta’
CTMG = ‘Cois taoide maidean gréine’
ISS = ‘I Sacsuibh na séad’

Noda eile:

ARÉ: Lámhscríbhinní in Acadamh Ríoga na hÉireann, i mBaile Átha Cliath

BL Add.: Lámhscríbhinní i Leabharlann na Breataine, Londain (Leabharlann Mhúsaem na Breataine, tráth)

Boston A.: Lámhscríbhinní sa Boston Athenaeum, i mBostún, Stáit Aontaithe Mheiriceá

Má Nuad M: Lámhscríbhinní Uí Mhurchú, Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad

⁷⁷ Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch 528. Deir Ó Fiannachta: ‘Is iad na gnáththéamaí ach maise ar leith ag Eoghan ar gach ceann díobh’ a gheibhtear iontu. Féach Pádraig Ó Fiannachta, *Léas Eile ar ár Litríocht* (An Sagart, 1982), lch 215.

⁷⁸ Ó Conchúir, *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, lch 1.

⁷⁹ Morley, *Washington i gCeannas a Ríochta*, lgh xvi-xvii.

Feiritéar: Lámhscríbhinní an Fheirtéaraigh sna Sainbhailiúcháin i Leabharlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Torna: Lámhscríbhinní Thorna sna Sainbhailiúcháin i Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh